**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo – an Phortaingéil) – Suzlon Wind Energy Portugal – Energia Eólica Unipessoal, Lda v Autoridade Tributária e Aduaneira**

**(Cás C-605/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Cáin – Cáin bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 2(1)(c) – Infheidhmeacht ratione temporis – Seirbhisí atá faoi réir CBL – Soláthar seirbhisí ar comaoin – Critéir – Caidreamh laistigh de ghrúpa – Soláthar a bhaineann le comhábhair tuirbíní gaoithe a deisiú nó a athsholáthar faoi ráthaíocht agus tuarascálacha neamh-chomhréireachta a dhéanamh – Nótaí sochair eisithe ag an soláthraí seirbhíse gan trácht ar CBL – Asbhaint ag an soláthróir ar CBL a ghearrtar ar earraí agus seirbhisí atá sonraisc déanta ag na fochonraitheoirí do na seirbhísí céanna)***

(2022/C 165/22)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Supremo Tribunal Administrativo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Suzlon Wind Energy Portugal – Energia Eólica Unipessoal, Lda

*Cosantóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

**An chuid oibríochtúil den bhreithiúnas**

Ní mór Airteagal 2(1)(c) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a léirmhíniú amhail is go gciallaítear maidir leis na hidirbhearta laistigh de chreat conarthach lena n-aithnítear soláthróir seirbhísí, an ceannaitheoir agus cineál na seirbhísí sin, cúntas cuí ina leith tugtha ag an duine inchánach, le teideal lena ndearbhaítear cineál seirbhísí agus go raibh cúiteamh faighte ag an soláthróir seirbhísí arb ionann é agus luach iarbhír na seirbhísí sin bhfoirm nótaí sochair, is ionann iad agus soláthar serbhísí ar comaoin de réir bhrí na forála sin, d'ainneoin, sa chéad áit, aon bhrabús don duine inchánach agus, sa dara háit, ráthaíocht a bheith ann a bhaineann leis na hearraí ar soláthraíodh na seirbhísí sin ina leith.

[1] IO C 44, 08.02.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Liège –an Bheilg) – Pharmacie populaire – La Sauvegarde SCRL v État belge (C-52/21), Pharma Santé – Réseau Solidaris SCRL v État belge (C-53/21),**

**(Cásanna Uamtha C-52/21 agus C-53/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Saoirse chun seirbhísí a sholáthar – Airteagal 56 CFAE – Srianta – Reachtaíocht chánach – Cáin chorparáide – Oibleagáid atá ar cheannaitheoirí seirbhísí doiciméid tacaíochta a tharraingt suas agus a sheoladh chuig na húdaráis chánach maidir leis na méideanna a ndearna na soláthróirí seirbhísí a bunaíodh i mBallstát eile sonrasc ina leith – Gan oibleagáid a bheith ann i gcás seirbhísí inmheánacha – Réasúnú – Éifeachtach na maoirseachta fioscaí – Comhréireacht)***

(2022/C 165/23)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour d'appel de Liège